PREASEISIÚINT

LÁNCHOSC, 25 Meán Fómhair 2025, 14:00 Am Lár na hEorpa

An chéad Suirbhé Eorpach ar Mhúinteoirí Gairmoideachais agus Gairmoiliúna á sheoladh ag Cedefop chun dul i ngleic le ganntanais chriticiúla múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna

Thessaloniki, 25 Meán Fómhair 2025 – Inniu seol an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) an Suirbhé Eorpach ar Mhúinteoirí Gairmoideachais agus Gairmiúla, an chéad suirbhé cuimsitheach atá á dhéanamh ag an Aontas ar 14 000 múinteoir gairmoideachais agus gairmoiliúna ó 23 Bhallstát den Aontas Eorpach.

Ar fud na hEorpa, is ag dul in olcas atá an ganntanas múinteoirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint — go háirithe in ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) agus i dteangacha iasachta, ábhair atá ríthábhachtach do chlaochlú digiteach agus claochlú glas an Aontais. I measc na gcúiseanna atá leis sin tá:

Meon i leith gairmeacha agus dul i mbun teagaisc

- Roghnaigh thart ar **67 %** de mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna an teagasc mar a gcéad ghairm bheatha.
- Ní chreideann ach **18 %** acu go bhfuil meas ar a ngairm.

Pá agus conarthaí

- Tuilleann múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna beagnach **11 % níos lú** ná oibrithe eile a bhfuil oideachas tríú leibhéal orthu agus is mó seans gur conarthaí sealadacha a bheidh acu.
- Níl ach **40 %** acu sásta lena bpá.

Dálaí oibre

- Tá ualaí móra oibre, seomraí ranga plódaithe, agus timpeallachtaí dúshlánacha coitianta.

Gan gníomhaíocht spriocdhírithe, tá an baol ann go dtitfidh an Eoraip chun cúil ar iomaitheoirí domhanda maidir le hoibrithe a ullmhú do gheilleagar na todhchaí.

Maidir leis an suirbhé

Sa Suirbhé, baileofar sonraí ó thart ar 14 000 múinteoir a roghnófar go randamach i scoileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna tosaigh (leibhéal 3 ISCED) in 23 tír Eorpacha, mar atá: an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an

Ghréig, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn.

Déanfar scrúdú ann ar dhúshláin ríthábhachtacha, agus iad seo a leanas san áireamh:

- A éifeachtaí atá forbairt ghairmiúil múinteoirí agus bacainní ábhartha
- Bearnaí i dtaobh scileanna teicneolaíochta digití agus glaise
- Bainistíocht chuimsitheach sa seomra ranga
- Sásamh as post agus dálaí oibre
- Tosca a mbíonn tionchar acu ar tharraingteacht na gairme

Tá coinne le torthaí an tsuirbhé in 2027 agus beidh siad ina mbonn eolais d'fhorbairt beartas náisiúnta agus beartas de chuid an Aontais, lena gcuirfear chun cinn clár oibre Aontas na Scileanna agus iomaíochas eacnamaíoch na hEorpa agus, ag an am céanna, lena gcuirfear sonraí inghníomhaithe ar fáil do scoileanna rannpháirteacha chun feabhas a chur ar a gcláir forbartha gairmiúla.

Tá gá le hinfheistíocht a dhéanamh i múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna i gcomhair chlár oibre scileanna na hEorpa. Trí neartú a dhéanamh ar an tacaíocht do mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus don fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí, tá an bonn atá faoi thodhchaí eacnamaíoch na hEorpa á neartú againn.

Tabhair cuairt ar an Suirbhé Eorpach ar Mhúinteoirí Gairmoideachais agus Gairmoiliúna i gcomhair tuilleadh eolais.

Sleachta athfhriotail

'Is iad na múinteoirí cnámh droma an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna. Ionas go mbeidh gairmeacha gairmoideachais agus gairmoiliúna níos fearr agus níos tarraingtí, ní mór dúinn tabhairt faoi na dúshláin a bhíonn le sárú ag múinteoirí agus oiliúnóirí. Leis an suirbhé seo, cuirfear leis an tuiscint atá againn ar na dúshláin a bhíonn le sárú agus beimid in ann cúnamh níos fearr a chur ar fáil. Ach cur leis an tacaíocht do mhúinteoirí, cuirfear oiliúint níos fearr ar Eorpaigh ag gach céim dá saol, rud atá ríthábhachtach d'iomaíochas na hEorpa, agus don chlaochlú glas agus an claochlú digiteach,' Roxana Mînzatu, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chearta Sóisialta agus Scileanna, um Poist Ardcháilíochta agus um Ullmhacht.

'Trí shonraí a bhailiú caol díreach ón seomra ranga, táimid ag bailiú na faisnéise is gá chun teagasc gairmoideachais agus gairmoiliúna a athrú ó ghairm atá i gcruachás go dtí gairm a mheallann na daoine is tréithí san Eoraip,' Jürgen Siebel, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Cedefop.

‘Le fada an lá anois, braitheann múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna nach bhfuil aon duine ag éisteacht leo. Ar deireadh thiar, fágann an suirbhé seo go bhfuil ardán againn chun cur síos a dhéanamh ar na cúinsí a théann i bhfeidhm orainn i ndáiríre — na dúshláin atá romhainn, an tacaíocht atá de dhíth orainn, agus an fhís atá againn an gairmoideachas a bheith ina ghairm tharraingteach, thairbheach, mar is ceart agus is cuí,’ Agnes Roman, Comhordaitheoir Sinsearach Beartais, Coiste Eorpach na gCeardchumann um Oideachas (ETUCE)

Maidir le Cedefop

Is é Cedefop Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh a thugann faoi anailísí taighde agus beartais chun cur lenár dtuiscint ar riachtanais scileanna na margaí saothair atá ag athrú go tapa, agus ar an gcaoi a bhfuil córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna á gcur in oiriúint chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin. Trí réimse leathan páirtithe leasmhara sa mhargadh saothair a thabhairt le chéile ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach, áitiúil agus earnála, déanann Cedefop faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil faoi chórais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, scileanna agus margaí saothair a shainaithint, a anailísiú, a shintéisiú agus a chur i láthair. Tá an fhaisnéis sin ríthábhachtach chun treochtaí sa mhargadh saothair agus riachtanais scileanna a ghabháil agus a réamh-mheas go cuimsitheach.

- Léigh preaseisiúintí ó Cedefop.
- Chun an nuacht is déanaí a fháil díreach chuig do bhosca isteach, cláraigh ar ár suíomh gréasáin.

Teagmháil:

Oifigeach Cumarsáide, Cristina Comunian: Cristina.Comunian@cedefop.europa.eu

Ceann na Roinne Cumarsáide, Maurizio Roncaccia: Maurizio.RONCACCIA@cedefop.europa.eu

Déan nasc linn: